Údarás na Gaeltachta

Northern Periphery and Arctic Programme 2014-2020

EUROPEAN UNION
Investing in your future
European Regional Development Fund

Oifigeach Togra (EmpowerUS agus MERSE)

Conradh sainchuspóra suas le 3 bliana.
Post lonnaithe in Ard-Oifig an Údaráis sna Forbacha, Co na Gaillimhe.

EmpowerUs
Socio-Economic Empowerment of Coastal Communities

I gcomhar le páirtnéirí eile Eorpacha, tá Údarás na Gaeltachta páirteach i dhá thograí *EmpowerUS agus MERSE*, cláir taighde chun tacú leis an bhforbairt pobail agus leis an bhfiontraíocht shóisialta.
Tá na cláir seo á maoiniú faoi chlár Horizon Europe agus Interreg NPA de chuid an Aontais Eorpaigh.

An Ról:
Mar chuid d'fheidhmiú na dtograí seo, tá post á thairiscint mar Oifigeach Togra in Oifig Réigiúin an Iarthair ar bhunús conartha sainchuspóra. Beidh an tOifigeach Togra freagrach as comhordú a dhéanamh ar chlár oibre EmpowerUS *(Socio-Economic Empowerment of Coastal Communities*) agus MERSE *(Business Models Empowering Rural Social Entrepreneurship)* atá le reáchtáil i nGaeltacht Chonamara agus a thacóidh le forbairt na hearnála forbartha pobail agus na fiontraíochta sóisialta.

Dualgais:
Beidh an té a cheapfar freagrach as cuidiú le cur i bhfeidhm an togra *EmpowerUS* agus *MERSE* trí chomhoibriú a chothú le geallshealbhóirí éagsúla ar mhaithe le forbairt na hearnála forbartha pobail agus na fiontraíochta sóisialta sa Ghaeltacht agus trí chuidiú le forbairt scileanna, acmhainní foghlama agus ábhar oiliúna.

An Duine:
Fáilteofar roimh iarratais ó dhaoine a bhfuil na scileanna/tréithe/taithí seo a leanas acu:

- Líofacht i labhairt agus scríobh na Gaeilge agus an Bhéarla.
- Cáilíocht tríú leibhéal ábhartha
- Taithí oibre ábhartha 3 bliana, ar a laghad, tar éis na céime
- Tuiscint agus taithí ar chórais bainistíochta gnó nó riarachán poiblí
- Eolas / tuiscint ar fhorbairt pobail agus/nó fiontraíocht agus nó fiontraíocht shóisialta
- Scileanna ábhartha taighde, anailíse agus réiteach tuairiscí
- Sárscileanna cumarsáide, comhordaithe agus idirphearsanta
- Ardscileanna eagrúcháin, ríomhaireachta agus riaracháin

Íocfar scála tuarastail idir €48,000 - €52,500 ag brath ar cháilíochtaí agus ar thaithí.

Seol iarratas, mar aon le do CV as Gaeilge, **roimh 4:00 i.n., 31 Bealtaine 2023** chuig: foluntais@udaras.ie nó chuig: An Feidhmeannach Acmhainní Daonna agus Forbartha Foirne, Údarás na Gaeltachta, Na Forbacha, Co. na Gaillimhe.